**An Cumann Ceanadach do Léinn na hÉireann: Comhdháil bhliaintúil 2025**

**Críocha, Teorannacha, agus Limistéir i Léinn na hÉireann**

**St. Michael's College agus York University, Toronto, 11-13 Meitheamh 2025**

Féadtar críocha a mheas i dtéarmaí na polaitíochta, na staire, na healaíne, na topagrafaíochta, an chultúir, na héiceolaíocha agus araile. Ach fiú amháin laistigh de chleitheanna na n-aicmí seo, féadtar críocha a aithint thar scálaí éagsúla: is teorainn pholaitiúil í an teorainn náisiúnta, cuir i gcás, ach is fíor sin, freisin, don teorainn chontae nó fiú amháin don líne theorann chónaitheach. I gcoitinne, féadfaidh críocha cead bealaigh a dhiúltiú glan amach, nó féadfaidh siad cineálacha eile sáraithe a spreagadh sa spás samhlaíoch. Spreagann nóisean na limistéar, mar shampla, machnamh i leith nithe atá neamhbhuan, aistritheach, nó athraitheach. Cuireann An Coiste Pleanála den Chumann Ceanadach do Léinn na hÉireann 2025 fáilte chroíúil roimh iarratas ar pháipéir, painéil, agus cineálacha eile taispeántais a bhaineann le téama na gcríocha, na dteorannacha, agus na limistéar. Beidh an chomhdháil á reáchtáil i mbliana ag York University i gcomhpháirt le St. Micheal's College ag University of Toronto ó 11 – 13 Meitheamh.

Mhúscail an caidreamh stairiúil idir Ceanada agus Éirinn próiseas casta aistrithe agus imirce thar chríocha agus teorainneacha. Le linn ré impiriúil an choilíneachais sa naoú haois déag, bhreathnaítí ar na hÉireannaigh mar ghrúpa tarraingteach i leith na h-imirce i dtreo Cheanada; faoin bhfichiú haois, áfach, thit an stádas fabhrach seo i léig de bharr beartais diana iontrála a leag Ceanada amach. Sa lá atá inniu ann, tá tionchar inimirce na n-Éireannach le sonrú i gCeanada i bhfairsingeacht dhiaspóra na ndaoine sin agus i rianta éiceolaíochta a d'fhág aistriú na ndaoine sin ar shuíomhanna fisiciúla ar nós *Grosse Île*. San fhichiú haois, bunaíodh socraithe taidhleoireachta idir Ceanada agus Éirinn i dtaca le ceisteanna polaitíochta na dteorannacha agus aitheantas na dteorannacha céanna. Mar shampla, tugann an staraí J.P. O'Grady le fios gur, in 1922, tharraing an tAire Gnóthaí Seachtracha de chuid Saorstát Éireann, ar Cheanada le cás a dhéanamh gur chóir don Saorstát a bheith in ann pas dá chuid féin a chur ar an bhfód.

D'eascair traidisiún fadbhunaithe an mhalartaithe thraschultúrtha as an imirce trasatlantach, thar na blianta, chomh maith. Féadfaidh meascán de thraidisiúin cheoil agus bhéaloidis an t-eispéaras a bhaineann le teorann a thrasnú a chur in iúl, rud a chothaíonn, ag an am céanna, an deis le srianta na seánra agus na stíle a shárú agus a spré. Cuimsíonn an cineál seo sáraithe, is é sin sárú na teorann cultúrtha, spás íomháineach níos leithne ó thaobh cheisteanna an fhlaithis agus na dlúthpháirtíochta de, agus ó thaobh ceisteanna maidir le gréasáin pholaitiúla agus shóisialta a bhunú. In 1971, cuir i gcás, chuir taithí saoil Brian Moore mar pháiste a d'eirigh aníos i mBéal Feirste, chomh maith leis na na scríbhinní leis ina gcíortar na Trioblóidí, go mór lena chur chuige agus an Ghéarchéim Dheireadh Fómhair Québec á chur i láthair aige san *The Revolution Script.*

Is sampla é úrscéal Moore den chaoi nach mbíonn taidhleoireacht shuaimhneach amháin sa ghníomh a bhaineann le teorainn a thrasnú— is minic a thugann teoireannacha sainmhíniú ar, agus a chaitheann teoireannacha solas ar, leaganacha den chumhacht. Chothaigh críochdheighilt na hÉireann teorainn, dar ndóigh, a bhfuil oidhreacht an fhoréigin agus an neamhionannais ag baint léi, teorainn a bhfuil seasamh míshocair aici, fiú amháin, ar lorg Chomhaontú Aoine an Chéasta in 1998. Ó thús an aonú haois is fiche, i bPoblacht na hÉireann, tharraing an inimirce go

leor conspóide i measc an phobail. Tagann ceisteanna anuas maidir le cé a bhaineann le háit nó le pobal agus na cúinsí agus údaráis a rialaínn an bhaint chéanna — feictear an méid seo sa chóras Soláthar Díreach do na daoine atá ag lorg tearmainn agus an reifreann in 2004 a chuir deireadh leis an gceart uathoibríoch chun saoránachta don té a rugtar in Éirinn.

Tá ceisteanna seo na cumhachta, na soléiteachta, agus na bailíochta ó thaobh na dteorannacha, na gcríocha, agus na limistéar de, ag éirí níos tromchúisí san Antrapaicéineach. Tá roinnt tubaistí éiceolaíocha, atá ag dul i méid, tar éis patrúin nua a bhunú ó thaobh aistriú daonraí timpeall na cruinne. Arís eile, leagann an t-athrú aeráide críocha agus teoireannacha samhlaíocha amach, críocha agus teoireannacha atá fós le sárú. Is féidir tuiscintí a bhaint as Éirinn agus Stair na hÉireann maidir leis na naisc chúise, a d'fhéadfadh a bheith ann, idir an anachain timpeallachta agus an imirce. Is téama é 'Críocha agus Teoireannacha,' mar sin, a chuimsíonn modhanna éagsúla ildhisciplíneach agus idirdhisciplíneacha chun Léinn na hÉireann.

Cuirtear fáilte roimh pháipéir a bhaineann leis na hábhair a leanas:

- Cur i gcoinne na críche: Coimisiún na Teorann
- Ag sárú réimsí taighde: an idirdhisciplíneacht agus Léinn na hÉireann
- Ballaí, claíocha, agus baracáidí: cruthú na críche agus an gnáthshaol
- An saol tras-náisiúnaithe idir Éirinn agus Ceanada
- An eisimirce ó Thuaisceart Éireann go Ceanada le linn na dTríoblóidí
- Teorannacha agus stáit: an míleatú agus an dímhíleatú
- Ag sárú theorainn na seánra i litríocht, dráma, agus scannánaíocht na hÉireann
- Proifisiúnaigh leighis de bhunadh na hÉireann, thall agus abhus
- An t-imeallbhord agus an topagrafaíocht i gcultúir phobail in Éirinn
- Stair agus startha na hinimirce Éireannaí i gCeanada
- An inimirce in Éirinn
- Éire, an domhandú, agus an tAontas Eorpach gan teorainn
- Meon, mothúcháin, agus an teorainn
- Éire agus an taidhleoireacht idirnáisiúnta
- An Ghaeilge agus an t-aistriúchán
- An chríochdheighilt sa litríocht
- Ceanada i litríocht, dráma, agus scannánaíocht na hÉireann
- Caidrimh nua idir Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann
- An stát Ceanadach agus an inimirce as Éirinn

Cuirimid fáilte roimh pháipéir freisin ar aon ghné de Léinn na hÉireann. Cuirimid fáilte ar leith roimh pháipéir le scoláirí iarchéime. Glacaimid le páipéir aonair nó painéil (trí phaipéar agus cathaoirleach) i nGaeilge, Béarla, agus Fraincis.

Cuirtear iarratas chuig an seoladh ríomhphoist caistorontoconference2025@gmail.com faoi 28 Feabhra 2025. Bíodh teideal, achoimre 250 focal in aghaidh an pháipéir, agus nóta gairid beathaisnéiseach ag gach iarratas. Bíodh seoladh ríomhphoist san áireamh freisin, le go mbeidh an coiste in ann dul i dteagmháil leat amach anseo.